| Meitheal Forbartha Bhéarla na hArdteistiméireachta | Cruinniú 4: 29 Lúnasa 2024 |
|---|---|
| **Mír ar an gClár** | **Nótaí** |
| **Réamhrá ón gCathaoirleach, miontuairiscí, leithscéalta, nithe ag éirí, agus léiriú spéise.** | Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh an meitheal, faomhadh agus leasaíodh na miontuairiscí, tugadh leithscéalta agus éisteadh leis an ráiteas spéise. Rinneadh roinnt plé ar na nithe ag éirí maidir leis an aiseolas ón gcomhairliúchán ar an gcáipéis eolais. |
| **Achoimre ar na Snáitheanna** | Rinneadh cur i láthair maidir le réasúnaíocht na snáitheanna mar a measadh ag an gcruinniú deireanach. Phléigh an mheitheal struchtúr molta na snáitheanna. |
| **Torthaí Foghlama agus Príomhinniúlachtaí** | Thug an feidhmeannach achoimre ar na Príomhinniúlachtaí, na naisc idir an t-eolas, na scileanna agus meonta, agus, gnéithe na dTorthaí Foghlama éifeachtacha. Phléigh an mheitheal na samplaí idirnáisiúnta a cuireadh i láthair. |
| **Snáithe 1: Dréacht-Torthaí Foghlama** | Cuireadh sraith de Dhréacht-Torthaí Foghlama do Shnáithe 1 i láthair. Rinneadh plé ar na Torthaí Foghlama seo i ngrúpaí agus tugadh aiseolas. |
| **Uasdátú Measúnaithe** | Fuair an mheitheal eolas nua faoi chinntí agus faoin bplé a rinneadh i gcruinnithe eile, a bhain go díreach le hobair na meithle forbartha, maidir le huainiú agus struchtúr na gcomhpháirteanna measúnaithe. Phléigh an mheitheal an t-eolas is deireanaí a tugadh. |
| **Seisiún iomlánach** | Na chéad chéimeanna eile:<br>• Sraith iomlán de Dhréacht-Torthaí Foghlama sna ceithre shnáithe le meas ag an gcéad chruinniú eile.<br>• Moltaí samplacha don Chomhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis le dréachtú don chéad chruinniú eile.<br>Beidh an chéad chruinniú eile ar siúl ar an 3 Deireadh Fómhair i mBaile Átha Cliath. |